BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

12 Nollaig 2024*

(Achomharc – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 – Sainchúraimí maoirseachta arna gcur ar an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) – Airteagal 24 – Cinneadh fhormheas na hinstitiúide creidmheasa a tharraingt siar – An nós imeachta um athscrúdú riaracháin – Cinneadh lena n-aisghairtear cinneadh roimhe sin – Caingean le haghaidh neamhniú – Leanúnachas an leasa in imeachtaí dlí a thionscnamh – Caingean chun cúiteamh a ghnóthú – Do-ghlacthacht fhollasach)

I gCás C-181/22 P,

ACHOMHARC de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 9 Márta 2022,

Nemea Bank plc, atá lonnaithe in San Ġiljan (Málta), arna ionadú ag A. Meriläinen, asianajaja,

achomharcóir,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

Heikki Niemelä, atá ina chónaí in Ohain (an Bheilg),

Mika Lehto, atá ina chónaí in Espoo (an Fhionlainn),

Nemea plc, arna bhunú in San Ġiljan,

Nevestor SA, arna bhunú in Ohain,

gearánaigh ag an gcéad chéim,

an Banc Ceannais Eorpach (BCE), arna ionadú ag D. M. Brinkman, C. Hernández Saseta agus A. Witte, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir ag an gcéad chéim,

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ar dtús ag A. Nijenhuis agus A. Steiblytė, ansin ag A. Steiblytė, i gcáil Gníomhairí,

idiragraí ag an gcéad chéim,

* Teanga an cháis: an Béarla.

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, I. Jarukaitis (Rapóirtéir) agus E. Regan, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 30 Samhain 2023,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína achomharc, iarrann Nemea Bank plc go gcuirfí ar neamhní ordú Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 20 Nollaig 2021, *Niemelä agus páirtithe eile* v *BCE* (T-321/17, 'an t-ordú atá faoi chonspóid', EU:T:2021:942), trínar dhearbhaigh sí nár gá breith a thabhairt a thuilleadh ar an iarratas ar neamhniú Chinneadh ECB/SSM/2017 – 213800JENPXTUY75VSO/1 WHD-2017 -0003 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) an 23 Márta 2017, ar dá réir a tarraingíodh siar formheas Nemea Bank chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa ('an cinneadh atá faoi chonspóid') agus dhiúltaigh sí don iarratas ar chúiteamh a fháil as an dochar arna dhéanamh go líomhainte leis an bhformheas sin de dheasca tharraingt siar an fhormheasta sin toisc é a bheith do-ghlactha go follasach.

An dlí lena mbaineann

Rialachán SAM

2 De réir aithris 64 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO 2013 L 287, lch. 63, 'Rialachán SAM'):

'Níor mhór do BCE a fhoráil d'athscrúdú a bheith iniarrtha ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha ar chinntí arna ndéanamh de réir na gcumhachtaí arna gcur air leis an Rialachán seo agus a dhírítear chucu nó is dá chúram go díreach agus go leithleach. Níor mhór baint a bheith ag an athscrúdú sin le comhréireacht fhoirmiúil nó shubstaintiúil na gcinntí sin leis an Rialachán seo, in urraim don chumhacht lánroghnach arna gcur ar BCE ó thaobh rialú a thabhairt ar indéantacht na gcinntí sin. Chuige sin agus ar chúiseanna maidir leis an nós imeachta a shimpliú, níor mhór do BCE coiste riaracháin a chur ar bun atá freagrach as na hathscrúduithe inmheánacha sin a dhéanamh. Níor mhór do Chomhairle Rialaithe BCE daoine lena bhfuil iomrá mór a cheapadh ina gcomhaltaí den choiste. [...] Níor mhór a fhoráil leis an nós imeachta arna shocrú le haghaidh an athscrúdaithe sin go ndéanfaidh an bord maoirseachta athscrúdú, i gcás inarb iomchuí, ar a shean-dhréachchinneadh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

3 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 4(1)(a) den Rialachán sin:

‘De réir Airteagal 6, BCE amháin atá, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, inniúil ar na cúraimí seo a leanas, chun críoch maoirseachta stuamachta, a dhéanamh i ndáil le gach institiúid creidmheasa arna mbunú sna Ballstáit rannpháirteacha:

(a) institiúidí creidmheasa a fhormheas agus formheas institiúidí creidmheasa a tharraingt siar, faoi réir Airteagal 14’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Seo a leanas foclaíocht Airteagal 14(5) den Rialachán sin:

‘Faoi réir mhír 6, féadfaidh BCE formheas a tharraingt siar ar a thionscnamh féin sna cásanna dá bhforáiltear i ndlí an Aontais is infheidhme, tar éis dó dul i gcomhairle le húdarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit rannpháirtigh ina bhfuil an institiúid creidmheasa bunaithe, nó ar thogra ón údarás inniúil náisiúnta sin. Féachfar trí dhul ina gcomhairle mar sin, go háirithe, a áirithiú go dtabharfaidh BCE a ndóthain deis do na húdaráis náisiúnta ionas gur féidir leo na bearta ceartaitheacha is gá a ghlacadh, lena n-áirítear aon bhearta réitigh agus go gcuirfidh sé iad san áireamh.

I gcás ina measfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta a mhol an formheas i gcomhréir le mír 1 nach mór an formheas a tharraingt siar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha, cuirfidh sé togra faoi bhráid BCE chuige sin. Sa chás sin, déanfaidh BCE cinneadh maidir leis an togra tarraingthe siar agus na forais is údair leis an tarraingt siar arna gcur chun cinn ag an údarás inniúil náisiúnta á gcur san áireamh ina n-iomláine aige.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 24 den Rialachán sin:

‘1. Cuirfidh BCE Bord Riaracháin Athbhreithniúcháin ar bun (‘CAR’) a bheidh freagrach as athscrúdú riaracháin inmheánach a dhéanamh, i ndiaidh iarratas arna thíolacadh i gcomhréir le mír 5, ar na cinntí arna ndéanamh ag BCE i bhfeidhmiú na gcumhachtaí arna gcur air leis an Rialachán seo. Beidh baint ag an athscrúdú riaracháin inmheánach sin le comhréireacht fhoirmiúil nó shubstaintiúil na gcinntí sin leis an Rialachán seo.

[...]

5. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 athscrúdú a iarraidh ar chinneadh BCE faoin Rialachán seo a dhírítear chuig an duine sin nó is dá chúram nó dá cúram go díreach agus go leithleach. [...]

[...]

7. Tar éis rialú maidir le hinghlacthacht an athbhreithnithe, tabharfaidh [CAR] tuairim laistigh de thréimhse arb iomchuí do phráinn an cháis é agus faoi thráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis fháil na hiarrata agus an cás a tharchur le dréachtchinneadh nua a ullmhú chuig an mbord maoirseachta. Cuirfidh an Bord Maoirseachta tuairim [CAR] san áireamh agus cuirfidh sé dréachtchinneadh nua faoi bhráid na Comhairle Rialaithe go pras. Leis an dréachtchinneadh nua, déanfar an cinneadh tosaigh a aisghairm, cuirfear cinneadh ina ionad a bhfuil a chomhionann d’ábhar aige, nó cuirfear cinneadh leasaithe ina ionad. Measfar an dréachtchinneadh nua a bheith

glactha i gcás nach gcuireann an Chomhairle Rialaithe ina choinne laistigh d'uastréimhse 10 lá oibre.

8. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an iarratas ar athbhreithniú de bhun mhír 5. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe, áfach, ar thogra ó [CAR], cur i bhfeidhm an chinnidh atá faoi chonspóid a chur ar fionraí i gcás ina measann sé go bhfuil sé dé dhíth de réir na n-imthosca.

[...]

11. Beidh an tAirteagal seo gan dochar don cheart chun caingean a thabhairt os comhair [Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh] i gcomhréir leis na Conarthaí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (AE) Uimh. 468/2014

6 Fágtar le hAirteagal 2(8) de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014, lena mbunaítear an creat le haghaidh comhair laistigh den Sásra Maoirseachta Aonair idir an Banc Ceannais Eorpach, na húdaráis inniúla náisiúnta agus na húdaráis ainmnithe náisiúnta ('Creat-Rialachán SAM') (IO 2014 L 141, lch. 1), gurb é atá in 'eintiteas níos lú suntasaí atá faoi réir maoirseacht stuamachta i mBallstát an limistéir euro' ná eintiteas '[*inter alia*] nach bhfuil an stádas aige mar eintiteas suntasach faoi réir maoirseacht stuamachta de réir bhrí Airteagal 6(4) de Rialachán SAM'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 80 den Rialachán sin:

'1. I gcás ina measann an t-údarás inniúil náisiúnta lena mbaineann nach mór formheas institiúide creidmheasa a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear ar iarraidh sin ón institiúid creidmheasa, cuirfidh sé dréachtchinneadh faoi bhráid BCE lena bhforáiltear do tharraingt siar an fhormheasta [...], mar aon le haon doiciméid tacaíochta ábhartha.

2. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go gcomhoibreofaí leis an údarás réitigh náisiúnta atá inniúil ar institiúidí creidmheasa [...] maidir leis an dréachtchinneadh formheas a tharraingt siar.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cúlra na díospóide

8 Tá achoimre indéanta mar seo a leanas ar chúlra na díospóide, mar a leagtar amach é i míreanna 1 go 7 den ordú faoi achomharc.

9 Is institiúid creidmheasa é Nemea Bank faoi dhlí Mhálta, a thagann faoin gcoincheap 'eintiteas níos lú suntasaí atá faoi réir maoirseacht stuamachta i mBallstát an limistéir euro' de réir bhrí Chreat-Rialachán SAM, a bhí seirbhísí airgeadais á soláthar aige de réir údarú arna thabhairt dó ag an údarás inniúil náisiúnta, eadhon Awtorità għas-Servizzi Finanzjarji ta'Malta (Údarás Seirbhísí Airgeadais Mhálta, 'MFSA') agus a bhí faoi réir maoirseacht stuamachta dhíreach aige.

10 Is beirt scairshealbhóirí dhíreacha de Nemea Bank iad Nemea plc agus Nevestor SA. Tá na hUasail H. Niemelä agus M. Lehto ina gcomhaltaí de bhord stiúrthóirí Nemea Bank agus ina n-úinéirí tairbhiúla air, trína sealúchais atá acu in Nemea agus Nevestor.

11 An 25 Eanáir 2017, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás réitigh náisiúnta, chuir MFSA dréachtchinneadh faoi bhráid BCE, de bhun Airteagal 80 de Rialachán SAM, lena dtarraingítear siar an formheas arna dheonú do Nemea Bank chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa.

12 An 13 Márta 2017, d'fhaomh Bord Maoirseachta BCE an dréachtchinneadh lenar tarraingíodh siar an formheas lena mbaineann agus thug sé tréimhse 3 lá do Nemea Bank chun a bharúlacha ar an dréachtchinneadh sin a thíolacadh.

13 An 15 Márta 2017, thíolaic Nemea Bank a bharúlacha.

14 An 23 Márta 2017, ghlac BCE an cinneadh atá faoi chonspóid de bhun Airteagal 4(1)(a) agus Airteagal 14(5) de Rialachán SAM.

Na fíorais tar éis an chinnidh atá faoi chonspóid

15 An 22 Aibreán 2017, fuair CAR iarratas ar athscrúdú ar an gcinneadh atá faoi chonspóid arna dhéanamh ag Nemea Bank agus na gearánaigh eile ag an gcéad chéim.

16 An 19 Meitheamh 2017, ghlac CAR tuairim, inar mhol sé go gcuirfí a chomhionann de chinneadh in ionad an chinnidh sin. An 30 Meitheamh 2017, ghlac Comhairle Rialaithe BCE, tar éis na tuairime sin agus ar bhonn togra ón mbord maoirseachta, i gcomhréir le hAirteagal 24(7) de Rialachán SAM, cinneadh BCE/SSM/2017 - 213800JENPXTUY75VS 07/2 ('cinneadh an 30 Meitheamh 2017') a cuireadh, mar a luadh ina chuid oibríochtúil, in ionad an chinnidh atá faoi chonspóid.

An chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta agus an t-ordú atá faoi achomharc

17 Le hiarratas arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 22 Bealtaine 2017, thug Nemea Bank agus na gearánaigh eile ag an gcéad chéim caingean le haghaidh neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid agus cúiteamh as an dochar a rinneadh dóibh go líomhainte mar thoradh ar ghlacadh an chinnidh sin. Mar thaca leis an gcaingean sin, d'agair siad sé shaincheist dlí.

18 Le doiciméad ar leith arna thaisceadh ag Clárlann na Cúirte Ginearálta an 25 Deireadh Fómhair 2017, thóg BCE pléadáil do-ghlacthachta faoi Airteagal 130 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta. Le hordú an 13 Iúil 2018, chuir an Chúirt Ghinearálta an agóid doghlacachta leis an tsubstaint, ar bhonn Airteagal 130(7) dá Rialacha Nós Imeachta.

19 Le doiciméad arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 18 Deireadh Fómhair 2017, thaisc an Coimisiún Eorpach iarratas ar idiragairt chun tacú leis an ordú atá á lorg ag BCE, a deonaíodh le cinneadh an 23 Iúil 2018.

20 Trí bheart eagraithe nós imeachta an 30 Aibreán 2018, chuir an Chúirt Ghinearálta roinnt ceisteanna ar na páirtithe ar mhaithe, *inter alia*, le cinneadh, i ndiaidh duine inniúil a ainmniú chun an chuid mhór de na cumhachtaí a fheidhmiú a thugtar de ghnáth do chomhlachtaí bainistíochta Nemea Bank ó thaobh a shainghníomhaíochtaí agus a shócmhainní, an raibh sé de

chumhacht ag na gearánaigh ag an gcéad chéim caingean le haghaidh neamhniú chinneadh BCE mar aon le caingean chun cúiteamh a ghnóthú as an dochar arna dhéanamh de thoradh ar a leithéid de chinneadh a thionscnamh.

21 An 1 Aibreán 2019, chuir an Chúirt Ghinearálta bac ar na himeachtaí go dtí go dtabharfaí breithiúnas an 5 Nollaig 2019, *BCE* v *Trasta Komercbanka agus páirtithe eile* (C-663/17 P, C-665/17 P agus C-669/17 P, EU:C:2019:923) agus d'iarr sí ar na páirtithe, trí bheart eagraithe nós imeachta nua an 10 Nollaig 2019, barúlacha a thíolacadh di de na conclúidí atá le baint, dá réir, as an mbreithiúnas ar mhaithe leis an díospóid atá os a comhair a réiteach.

22 Trí bhearta eagraithe nós imeachta eile an 30 Eanáir agus an 23 Nollaig 2020, agus an 19 Eanáir 2021, d'fhiafraigh an Chúirt Ghinearálta de na páirtithe na cora a bhí sa scéal ó thaobh na n-imeachtaí arna dtionscnamh os comhair an Tribunal dwar Servizzi Finanzjarji (an Chúirt Seirbhísí Airgeadais, Málta) ar mhaithe le hionadaíocht éifeachtach do Nemea Bank a athbhunú.

23 Trí phointe 1 de chuid oibríochtúil an ordaithe atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nár ghá a thuilleadh breith a thabhairt ar an iarratas ar neamhniú toisc gur cuireadh an t-iarratas sin ó fheidhm agus na gearánaigh ag an gcéad chéim ó leas in imeachtaí dlí a thionscnamh. Le pointe 2 den chuid oibríochtúil sin, dhiúltaigh sí don iarratas ar chúiteamh toisc gur do-ghlactha go follasach é. I bpointe 3 den chuid oibríochtúil sin, d'ordaigh sí do na gearánaigh ag an gcéad chéim agus do BCE a gcostais féin a íoc maidir leis an iarratas ar chur ar neamhní. I bpointe 4 den chuid oibríochtúil sin, d'ordaigh sí do na gearánaigh ag an gcéad chéim a gcostais féin a íoc agus na costais arna dtabhú ag BCE i ndáil leis an iarratas ar chúiteamh a íoc. Ar deireadh, le pointe 5 de chuid oibríochtúil an ordaithe atá faoi achomharc, d'ordaigh sí don Choimisiún a chostais féin a íoc.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe san achomharc

24 Iarrann Nemea Bank ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-ordú atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, ar cás é atá le leagan ar Dhlísheomra atá comhdhéanta de Bhreithiúna seachas na Breithiúnais a bhí sa Dlísheomra ina ndearnadh an t-ordú faoi achomharc, agus

– a ordú do BCE na costais a íoc.

25 Iarrann BCE ar an gCúirt Bhreithiúnais diúltú don achomharc agus a ordú don achomharcóir na costais a íoc.

26 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais diúltú don achomharc agus a ordú don achomharcóir na costais a íoc chomh maith.

An iarraidh an chuid ó bhéal den nós imeachta a athoscailt

27 Le doiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 27 Samhain 2024, d'iarr Nemea Bank go n-athosclófaí an chuid ó bhéal den nós imeachta de bhun Airteagal 83 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

28 Mar thaca lena iarraidh, cuireann an t-iarratasóir in iúl, go bunúsach, gur mian leis argóintí a chur isteach maidir le breithiúnais an 8 Feabhra 2024, *Pilatus Bank* v *BCE* (C-750/21 P, EU:C:2024:124) agus *Pilatus Bank* v *BCE* (C-256/22 P, EU:C:2024:125), nár phléigh na páirtithe.

29 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 83 dá Rialacha Nós Imeachta, go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, tráth ar bith, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a ordú go n-osclófar nó go n-athosclófar an chuid ó bhéal den nós imeachta, go háirithe má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise ann nó i gcás ina dtíolacfaidh páirtí, tar éis dheireadh an chuid sin den nós imeachta, fíoras nua de chineál a d'fhéadfadh a bheith ina thoisc chinntitheach ar chinneadh na Cúirte.

30 Sa chás seo, áfach, measann an Chúirt go bhfuil an fhaisnéis uile is gá aici chun rialú a thabhairt agus nach ionann an fhianaise ar a bhfuil Nemea Bank ag brath mar thaca lena iarraidh go n-athosclófaí an chuid ó bhéal den nós imeachta agus fíorais nua de chineál a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcinneadh a iarrtar uirthi a thabhairt dá bhrí sin.

31 Sna himthosca sin, measann an Chúirt Bhreithiúnais, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, nach gá a ordú go n-athosclófaí an chuid ó bhéal den nós imeachta.

An t-achomharc

32 Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-achomharcóir cúig shaincheist dlí. Éilítear leis na chéad trí shaincheist dlí, a dhírítear ar chinneadh na Cúirte Ginearálta lena ndearbhaítear nár ghá breith a thabhairt ar an iarratas ar neamhniú a thuilleadh, sárú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 263 CFAE, sáruithe ar bhuncheanglais nós imeachta agus an sárú ar chearta an achomharcóra faoi Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') gan a chur san áireamh faoi seach. Éilítear leis an dá shaincheist dheireanacha, a dhírítear ar chinneadh na Cúirte Ginearálta lena ndiúltaítear don iarratas ar chúiteamh toisc gur do-ghlactha é, an sárú ar chearta an achomharcóra gan a chur san áireamh ag an gCúirt Ghinearálta, ar cearta iad a chumhdaítear in Airteagal 41 den Chairt agus Airteagal 340 CFAE faoi seach.

An chéad saincheist dlí

Argóintí na bpáirtithe

33 Lena chéad saincheist dlí, a bhaineann le míreanna 29 go 55 den ordú atá faoi achomharc, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí le cinneadh nár ghá breith a thabhairt a thuilleadh ar a iarratas ar neamhniú, ar an bhforas nárbh ábhar leasa aige a thuilleadh imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid. Mar sin, mhainnigh an Chúirt Ghinearálta i gcomhlíonadh a hoibleagáide faoi Airteagal 263 CFAE athbhreithniú a dhéanamh ar dhleathacht ghníomhartha BCE a bheartaítear chun éifeachtaí dlí a bheith acu i ndáil le tríú páirtithe agus i gcomhlíonadh a hoibleagáide a áirithiú go gcosnófaí cearta dlí bunúsacha an achomharcóra.

34 Thairis sin, áitíonn an t-achomharcóir go bhfuil an éifeacht *ex tunc* a aithníonn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil ag cinneadh an 30 Meitheamh 2017 ar neamhréir le hAirteagal 263 CFAE, ós rud é go gceiltear leis a cheart air go ndéanfadh cúirteanna an Aontais athscrúdú ar an gcinneadh atá faoi chonspóid. Ba bharúil amháin a leithéid d'éifeacht, toisc, fiú i gcás inar

cuireadh an cinneadh atá faoi chonspóid ar ceal an dáta sin, ní fhéadfaí a dhéanamh gurbh amhlaidh an cás don achomharcóir mar a bhí roimh an tarraingt siar sin. Ní féidir ach gur éifeacht *ex tunc* amháin fíor-éifeacht chinneadh an 30 Meitheamh 2017, agus is amhlaidh an cás d'aon éifeacht atá ag an bhformheas lena mbaineann a athdhéanamh. Go deimhin, níor tháinig aon athrú ar chás an achomharcóra le linn na tréimhse idir glacadh an chinnidh atá faoi chonspóid agus glacadh chinneadh an 30 Meitheamh 2017 maidir leis an bhformheas sin. Dá bhrí sin, lean an cinneadh atá faoi chonspóid d'éifeachtaí dlí a bheith aige i ndáil leis an achomharcóir gan athrú gan bhriseadh, óna ghlacadh, dá bhrí go bhféadfadh iarmhairtí dlí agus buntáistí don achomharcóir a bheith ag a neamhniú.

35 Áitíonn BCE gur chinn an Chúirt Ghinearálta agus an ceart aici gur cuireadh an chaingean le haghaidh neamhniú an chinnidh faoi chonspóid ó fheidhm. Áitíonn sí, i ndáil leis sin, nach sáraítear leis an gcinneadh sin na cearta a thugtar don achomharcóir le hAirteagal 263 CFAE, ós rud é, tar éis an chinneadh atá faoi chonspóid a chur in ionad chinnidh an 30 Meitheamh 2017, go raibh caingean le haghaidh neamhniú chinneadh an 30 Meitheamh 2017 inghlactha laistigh den tréimhse arna socrú leis an bhforáil sin. Bheadh a leithéid de leigheas ina leigheas éifeachtach de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt. Níl an ceanglas maidir le leanúnachas an leasa in imeachtaí dlí a thionscnamh, a chumhdaítear le cásdlí comhsheasmhach na Cúirte Ginearálta, ar neamhréir le hAirteagal 263 CFAE ach an oiread.

36 Thairis sin, i ndiaidh chinneadh an 30 Meitheamh 2017 a chur in ionad an chinnidh faoi chonspóid, níorbh fhéidir caingean a thabhairt a thuilleadh le haghaidh neamhniú an chinnidh sin. Go deimhin, ní bheadh feidhm ag a leithéid de chaingean ós rud é gur aisghaireadh an cinneadh atá faoi chonspóid agus gur cúis cinneadh an 30 Meitheamh 2017 le héifeachtaí dochracha féideartha as sin amach, ar cinneadh é nár thug an t-achomharcóir caingean ina aghaidh agus a tháinig chun críochnaitheachta dá bhrí sin. Mar sin, fiú i gcás ina gcuirfí an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní, tharraingeofaí siar formheas an achomharcóra le cinneadh an 30 Meitheamh 2017 go fóill, dá bhrí nach mbeadh aon bhuntáiste aige mar gheall ar a leithéid de neamhniú. Ní chuirfí an t-achomharcóir ón gcumhacht a thugtar dó le dlí an Aontais caingean a thionscnamh chun cúiteamh a ghnóthú maidir le tarraingt siar a fhormheasta leis sin, áfach, gan ceangal air caingean le haghaidh neamhniú a thaisceadh roimh ré.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

37 Is léir ón gcomhad arna thaisceadh don Chúirt gur institiúid creidmheasa faoi dhlí Mhálta é Nemea Bank a bhfuil stádas 'eintiteas níos lú suntasaí atá faoi réir maoirseacht stuamachta i mBallstát an limistéir euro' aige de réir bhrí Chreat-Rialachán SAM. An 23 Márta 2017, ar iarraidh ón údarás inniúil náisiúnta, eadhon MFSA, ghlac BCE an cinneadh atá faoi chonspóid lenar tharraing sé siar an formheas arna dheonú do Nemea Bank chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa. An 22 Aibreán 2017, chuir Nemea Bank, in éineacht leis na gearánaigh eile ag an gcéad chéim, iarratas faoi bhráid CAR ar athscrúdú riaracháin a dhéanamh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid, de réir Airteagal 24(5) de Rialachán SAM. I ndiaidh an athscrúdaithe sin, ghlac BCE cinneadh an 30 Meitheamh 2017, lenar aisghaireadh an cinneadh atá faoi chonspóid agus lenar cuireadh é ina ionad, ar cinneadh é a bhfuil a chomhionann d'ábhar aige agus an cinneadh atá faoi chonspóid.

38 An 22 Bealtaine 2017, le linn an nós imeachta um athbhreithniú riaracháin, thug Nemea Bank agus na gearánaigh eile ag an gcéad chéim caingean i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid os comhair na Cúirte Ginearálta chomh maith, lenar iarr siad go gcuirfí an cinneadh sin ar neamhní

agus cúiteamh as an dochar d'áitigh siad gur bhain dóibh de dheasca an chinnidh sin. Níor thug siad caingean, áfach, i gcoinne chinneadh an 30 Meitheamh 2017 os comhair na Cúirte Ginearálta faoi mar atá leagtha amach.

39 Chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, i míreanna 41, 45, 47 agus 52 den ordú atá faoi achomharc, go mbunaítear le hAirteagal 24(7) de Rialachán SAM oibleagáid ar BCE a dhéanamh gur cúlghabhálach an cinneadh a glacadh i ndiaidh an nós imeachta um athbhreithniú riaracháin ar theacht i bhfeidhm an chinnidh tosaigh agus go mbainfí an cinneadh sin ón dlíchóras go buan trí chinneadh comhionann nó leasaithe a chur ina ionad. Chinn sí gur aisghaireadh an cinneadh atá faoi chonspóid le cinneadh an 30 Meitheamh 2017, agus gur cuireadh é ina ionad, ó dháta a ghlactha, eadhon an 23 Márta 2017, dá bhrí nárbh aon ábhar leasa ag na hiarratasóirí ag an gcéad chéim é neamhniú, agus gur thug sí le tuiscint uaidh sin nach raibh feidhm a thuilleadh ag a gcaingean le haghaidh neamhniú.

40 I ndáil leis sin, mar a thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara i mír 35 den ordú atá faoi achomharc, de réir cásdlí comhsheasmhach, gurbh ag tionscnamh na caingne nach mór leas a bheith ann imeachtaí dlí a thionscnamh, i bhfianaise ábhar na díospóide, faoi réir do-ghlacthachta. Ina theannta sin, ní mór ábhar na díospóide, mar aon leis an leas imeachtaí dlí a thionscnamh, a bheith ann go dtabharfaí an breithiúnas cúirte, faoi réir gá gan bheith le breith a thabhairt a thuilleadh, ar dá réir a ghlactar leis go bhfuil buntáiste infhaighte, de réir a toraidh, ag an bpáirtí a thionscain í (breithiúnais an 7 Meitheamh 2007, *Wunenburger* v *an Coimisiún*, C-362/05 P, EU:C:2007:322, mír 42 agus an 21 Eanáir 2021, *Leino-Sandberg* v *an Pharlaimint*, C-761/18 P, EU:C:2021:52, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 D'aithin an Chúirt, áfach, nach gá go gcuirfí deireadh le leas achomharcóra imeachtaí dlí a thionscnamh toisc go gcuirtear críoch le linn imeachtaí le héifeachtaí a bheith ag an ngníomh atá faoi achomharc aige. Go deimhin, d'fhéadfadh achomharcóir leanúint de leas a bheith aige go ndearbhófaí gur neamhdhleathach an gníomh sin le linn na tréimhse inarb infheidhme é agus ina raibh éifeachtaí aige, ós rud é go bhfuil leas ar a laghad ag a leithéid de dhearbhú go fóill mar bhunús le caingean fhéideartha le haghaidh dliteanas a agairt (breithiúnais an 28 Bealtaine 2013, *Abdulrahim* v *an Chomhairle agus an Coimisiún*, C-239/12 P, EU:C:2013:331, mír 62, agus an 6 Bealtaine 2021, *Bayer CropScience agus Bayer* v *an Coimisiún*, C-499/18 P, EU:C:2021:367, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Thairis sin, ní mór measúnú a dhéanamh de réir an cháis ar leanúnachas an leasa atá ag achomharcóir in imeachtaí dlí a thionscamh, i bhfianaise, go háirithe, iarmhairtí na neamhdhleathachta arna líomhain agus cineál an dochair arna dhéanamh go líomhainte (breithiúnais an 30 Aibreán 2020, *Izba Gospodarcza Producentów i Operatorów Urządzeń Rozrywkowych* v *an Coimisiún*, C-560/18 P, EU:C:2020:330, mír 41, agus an 7 Meán Fómhair 2023, *Versobank* v *BCE*, C-803/21 P, EU:C:2023:630, mír 160 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 I ndáil leis sin, is deimhin gur léir ó fhoclaíocht Airteagal 24(7) de Rialachán SAM, i gcás ina measann BCE, tar éis nós imeachta um athbhreithniú riaracháin, nach gá an cinneadh is ábhar don athbhreithniú sin a leasú, go n-aisghairfidh sé an cinneadh sin agus go gcuirfidh sé cinneadh ar comhionann a ábhar ina ionad. Ní fhéadfaí a thabhairt le tuiscint uaidh sin, áfach, go bhfuil éifeacht chúlghabhálach ag aisghairm den sórt sin agus athchur den sórt sin ina dhiaidh sin atá inchomparáide leis an éifeacht a bhíonn ag neamhniú gnímh de chuid institiúide de chuid an Aontais Eorpaigh ag cúirt de chuid an Aontais.

44 Go deimhin, mar is léir ó chásdlí na Cúirte, ní hionann aisghairm ghníomh institiúid an Aontais agus a neamhdhleathacht a aithint agus tá éifeacht láithreach aici, murab ionann agus breithiúnas neamhnithe ar dá réir a bhaintear an gníomh neamhnithe ó dhlíchóras an Aontais agus a mheastar nárbh ann dó riamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Bealtaine 2013, *Abdulrahim* v *an Chomhairle agus an Coimisiún*, C-239/12 P, EU:C:2013:331, mír 68). Ní fhéadfaí éifeacht chúlghabhálach a thabhairt do bheart nua toisc gur cuireadh é in ionad an ghnímh tosaigh i ndiaidh a aisghairme.

45 Dá bhrí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 72 dá Thuairim, fágann Airteagal 24(7) de Rialachán SAM nach mbaintear an cinneadh tosaigh go cúlghabhálach ó dhlíchóras an Aontais trí ghlacadh an dara cinneadh lena n-aisghairtear é agus a chuirtear é ina ionad agus atá d'ábhar comhionann. Go deimhin, ós rud é gurbh é b'éifeacht an chinnidh tosaigh formheas institiúide creidmheasa a tharraingt siar, bhí sé de thoradh ag an dara cinneadh fad a chur le héifeachtaí an chinnidh tosaigh, gan deireadh a chur leis na héifeachtaí a bhí aige cheana féin.

46 Sa chás seo, mar a thugann an t-achomharcóir le fios, mar is ceart, ba é an cinneadh atá faoi chonspóid an cinneadh a raibh sé d'éifeacht aige an formheas arna dheonú dó chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa a tharraingt siar uaidh. Dá bhrí sin, is é is ábhar gearáin dó ná an cinneadh sin a bhí éifeachtaí féideartha dochracha aige atá á n-áitiú aige.

47 Thairis sin, ós rud é go bhfuil an t-iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh tosaigh, i bprionsabal, i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán SAM agus gan éifeacht fionraíochta, lean an cinneadh atá faoi chonspóid d'éifeacht a bheith aige go dtí teacht i bhfeidhm chinneadh an 30 Meitheamh 2017, eadhon ar fhógra a thabhairt don achomharcóir. Dá bhrí sin, níorbh ach i ndiaidh an fhógra sin a aisghaireadh an cinneadh sin leis an gcinneadh atá faoi chonspóid agus a chuireadh é ina ionad, mar is léir ó na téarmaí céanna de chuid oibríochtúil chinneadh an 30 Meitheamh 2017.

48 Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Ghinearálta go hearráideach, go bunúsach, i míreanna 41, 42 agus 47 den ordú atá faoi achomharc, gur cuireadh cinneadh an 30 Meitheamh 2017 in ionad an chinnidh faoi chonspóid le héifeacht chúlghabhálach, ó dháta glactha an chinnidh sin atá faoi chonspóid.

49 Fágann an méid sin go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí le rialú, i míreanna 53 agus 55 den ordú faoi achomharc, gur athchuireadh an cinneadh atá faoi chonspóid le héifeacht chúlghabhálach agus nach raibh feidhm a thuilleadh ag an gcaingean chun an cinneadh sin a chur ar neamhní.

50 Dá bhrí sin, ní mór seasamh leis an gcéad saincheist dlí agus pointí 1 agus 3 de chuid oibríochtúil an ordaithe atá faoi achomharc a chur ar neamhní, gan gá le scrúdú a dhéanamh ar an dara saincheist dlí agus ar an tríú saincheist dlí.

An ceathrú agus an cúigiú ceist

Argóintí na bpáirtithe

51 Lena cheathrú agus a chúigiú saincheist dlí, a bhaineann le míreanna 56 go 63 den ordú atá faoi achomharc agus ar cheart iad a scrúdú le chéile, áitíonn an t-achomharcóir, trí chinneadh gur do-ghlactha an t-iarratas ar chúiteamh, nár chuir an Chúirt Ghinearálta san áireamh an sárú ag

BCE ar a chearta a chumhdaítear in Airteagal 41 den Chairt agus in Airteagal 340 CFAE a bhaineann leis na damáistí a chúiteamh arna mbaint ag an Aontas tríd na hinstitiúidí nó trína sheirbhísigh i bhfeidhmiú a ndualgas. Dá bhrí sin, cheilt an Chúirt Ghinearálta a chearta air, in ainneoin an dochair mhóir arna dhéanamh ag BCE agus a sheirbhísigh dó. Go deimhin, d'úsáid an Chúirt Ghinearálta a cinneadh gan breith a thabhairt ar an iarratas ar neamhniú chun a hanailís ar an iarratas ar chúiteamh a bhunú, ar mhaithe le BCE a chur ó dhliteanas i leith a ghníomhartha.

52 Thairis sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí neamhaird a thabhairt ar an nasc idir bunús an iarratais ar neamhniú agus bunús an iarratais ar chúiteamh, ós rud é nach bhfuil scrúdú indéanta ar an iarratas ar chúiteamh gan aird a thabhairt ar bhunús an iarratais ar neamhniú.

53 Thairis sin, is mícheart ráiteas na Cúirte Ginearálta, atá i mír 60 den ordú atá faoi achomharc, ar dá réir a leagtar amach an t-iarratas ar chúiteamh mar atá ró-theibí agus nach bhfuil ann forais nó argóintí ná achoimre orthu, ós rud é go mbeadh an méid sin ar fad in iarratas ar neamhniú ba bhunús leis an iarratas ar chúiteamh.

54 Thairis sin, áitíonn an t-achomharcóir, dá mba rud é nár chinn an Chúirt Ghinearálta, go mícheart, nár ghá rialú a thabhairt ar an iarratas ar neamhniú a thuilleadh agus i gcás inar aithin sé go bhfuil nasc idir an t-iarratas sin agus an t-iarratas ar chúiteamh, go gcinnfeadh sé go mbeadh roinnt gnéithe neamhdhleathacha ag baint leis an nós imeachta um ghlacadh an chinnidh faoi chonspóid, ar leor iad, iontu féin, chun bunús a thabhairt leis an iarratas ar chúiteamh. Agraíonn sé, ina leith sin, nach ndearnadh ionadaíocht éifeachtach do Nemea Bank le linn na n-imeachtaí sin, go raibh locht ar lua na gcúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid agus iompar neamhdhleathach BCE le linn an nós imeachta um athscrúdú riaracháin ar an gcinneadh sin ag CAR.

55 Thairis sin, áitíonn an t-achomharcóir gur cúis dhíreach leis an damáiste arna bhaint dó, mar atá léirithe aige, é iompar BCE agus, go háirithe, tarraingt siar an fhormheasa arna dheonú dó chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa. Ní chumhdaítear le méid an damáiste sin de dheasca iompar BCE, áfach, a mheasann sé gur EUR 100 milliún é, caillteanas clú Nemea Bank, a chaidreamh gnó agus a ghníomhaíocht ná laghdú ar a ioncam ach caillteanas díreach luach an bhainc sin amháin.

56 Áitíonn an t-achomharcóir chomh maith, trí na lochtanna ar an iarratas ag an gcéad chéim a cháineadh, gur theip ar an gCúirt Ghinearálta a chur san áireamh gur cúis leo gan rochtain a bheith ag an achomharcóir ar ionadaíocht éifeachtach agus ar fhianaise, a mhéid nach raibh teacht aige ar a acmhainní agus nach raibh rochtain aige ar chomhad BCE.

57 Áitíonn BCE agus an Coimisiún nach mór diúltú don dá shaincheist dlí sin.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

58 Ar an gcéad dul síos, ó thaobh argóintí an achomharcóra, a achoimrítear i míreanna 51 go 53 den bhreithiúnas seo, ar dá réir, go bunúsach, a cheil an Chúirt Ghinearálta a chearta a chumhdaítear in Airteagail 41 agus 47 den Chairt agus in Airteagail 263 agus 340 CFAE air, trína chinneadh gan breith a thabhairt ar an iarratas ar neamhniú a úsáid mar bhunús lena hanailís ar an iarratas ar chúiteamh agus gan an nasc idir an dá iarratas a chur san áireamh, ar mhaithe lena bheith inchurtha ó dhliteanas as a ghníomhartha a líomhnaítear a bheith dochrach ag BCE, is fíor gur luaigh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 59 go 61 den ordú faoi achomharc, an cásdlí ábhartha a

bhaineann leis na coinníollacha maidir le dliteanas neamhchonarthach an Aontais a agairt agus leis an gceanglas, faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 21 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is infheidhme maidir le himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 53 den Reacht sin, ar dá réir nach mór ábhar na díospóide, na forais agus na hargóintí arna n-agairt chomh maith le tuairisc achoimreach ar na forais a bheith san iarratas. Ansin, chinn sí, agus an ceart aici, i mír 62 den ordú sin, nár chuir na gearánaigh ag an gcéad chéim bonn taca de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá le hiompar BCE is cúis neamhdhleathachta lena bhféadfaí dliteanas an Aontais a agairt ná leis an nasc cúisíoch idir na damáistí líomhainte agus aon éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an gcinneadh atá faoi chonspóid.

59 Tugtar le tuiscint uaidh sin nach é is bunús le diúltú don iarratas ar chúiteamh i gceist cinneadh na Cúirte Ginearálta gan breith a thabhairt ar an iarratas ar neamhniú, ach easnamhacht an iarratais sin ar chúiteamh.

60 Is léir ón gcásdlí socair gur faoin bpáirtí a bhfuil dliteanas neamhchonarthach an Aontais á thabhairt faoi cheist aige fianaise dhochloíte a thabhairt ar aird air gurb ann don dochar atá á agairt aige agus a mhéid agus go bhfuil nasc cúisíoch atá díreach a dhóthain idir iompar na hinstitiúide i gceist agus an damáiste arna líomhain (breithiúnas an 3 Bealtaine 2018, *EUIPO* v *European Dynamics Luxembourg agus páirtithe eile*, C-376/16 P, EU:C:2018:299, mír 92 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Sa chás seo, is léir nár comhlíonadh leis an iarratas ag an gcéad chéim na ceanglais arna leagan amach leis an gcásdlí sin, a mhéid nach ndearnadh leis ach a ordú do BCE cúiteamh EUR 10 milliún, móide ús, a thabhairt do na gearánaigh ag an gcéad chéim, i leith na ndamáistí arna mbaint go líomhainte leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, ar suim í, áfach, a mhéadaigh na páirtithe sin go EUR 100 milliún mar chuid dá bhfreagra ag an gcéad chéim. Níor cuireadh aon argóint chun cinn, áfach, lena sonraítear an nasc cúisíoch idir iompar neamhdhleathach líomhainte BCE agus an dochar arna agairt agus fírinne na ndamáistí sin agus níor cuireadh aon fhianaise i láthair ina leith sin.

62 Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i míreanna 62 agus 63 den ordú atá faoi achomharc, gur do-ghlactha go follasach an t-iarratas ar chúiteamh de dheasca na lochtanna air.

63 Mar sin féin, ní mhíníonn an t-achomharcóir an chaoi a cheil an Chúirt Ghinearálta a chearta chun cúiteamh a iarraidh ar aon damáistí arna mbaint ag BCE dó. Tá an ceart fós aige, i bprionsabal, chun iarratas nua ar chúiteamh a dhéanamh lena réitítear na lochtanna arna nochtadh ag an gCúirt Ghinearálta ina hordú faoi chonspóid, sna coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 46 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is infheidhme maidir leis an nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta de réir na chéad fhomhíre d'Airteagal 53 den Reacht sin, ar dá réir a bhfuil tréimhse teorann 5 bliana ar chaingne maidir le dliteanas neamh-chonarthach i gcoinne an Aontais 5 bliana i ndiaidh a bhfuil is cúis leo, ar thréimhse teorann a chuirtear isteach uirthi, go háirithe, le hiarratas arna thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

64 Ar an dara dul síos, ó thaobh argóintí an achomharcóra, a thugtar chun cuimhne i mír 55 den bhreithiúnas seo, ar dá réir, ar thaobh amháin, arb í is cúis dhíreach le caillteanas luacha Nemea Bank iompar BCE agus, ar thaobh eile, a chumhdaítear le méid EUR 100 milliún cuid den damáiste arna bhaint don achomharcóir amháin, ní mór a lua nach agraíonn an t-achomharcóir

aon earráid dlí a d'fhéadfadh a bheith déanta ag an gCúirt Ghinearálta trí na hargóintí sin, ach ní dhéantar leo ach athrá ar na breithnithe fíorasacha arna dtógáil mar chuid den chaingean ag an gcéad chéim.

65 I gcomhréir le cásdlí comhsheasmhach, fágann an dara fomhír d'Airteagal 256(1) CFAE agus an chéad mhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil dlínse eisiach ag an gCúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, chun na fíorais a chinneadh, cé is moite den chás inar léir míchruinneas substainteach a cinntí ó na doiciméid arna gcur faoina bráid, agus, ar an dara dul síos, chun measúnú a dhéanamh ar na fíorais sin. Tugtar le tuiscint uaidh sin nach ceist dlí atá faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, ann féin, an measúnú ar na fíorais, cé is moite den chás ina saobhtar an fhianaise arna tabhairt ar aird os comhair na Cúirte Ginearálta (breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Wizz Air Hungary* v *an Coimisiún*, C-440/22 P, EU:C:2024:26, míreanna 57 agus 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

66 Ar an tríú dul síos, ó thaobh argóintí an achomharcóra, a thugtar chun cuimhne i mír 51 den bhreithiúnas seo, ar dá réir, trí na lochtanna ar an iarratas ag an gcéad chéim a cháineadh, ar theip ar an gCúirt Ghinearálta a chur san áireamh gur cúis leo gan rochtain a bheith ag an achomharcóir ar ionadaíocht éifeachtach agus ar fhianaise, is fíor, mar is léir ó mhír 62 den bhreithiúnas seo, gur chinn an Chúirt Ghinearálta agus an ceart aici gur dho-ghlactha go follasach an t-iarratas ar chúiteamh de dheasca a easnamhachta. Go deimhin, is léir ón bhfreagra ag an gcéad chéim nár sholáthair an t-iarratasóir aon cheann de na riachtanais chun dliteanas neamhchonarthach an Aontais a agairt agus nár mhínigh sé an chaoi shonrach go raibh cosc inchurtha ag rochtain gan bheith ar na hacmhainní institiúideacha agus ar an bhfianaise sin le tíolacadh a argóintí maidir leis an méid sin a bheith ann go soiléir beacht mar is gá, i bhfianaise, go háirithe, ar thaobh amháin, go ndearna dlíodóir ionadaíocht dó agus, ar an taobh eile, nach ndearna sé iarratas ar chúnamh dlí ina leith sin.

67 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don cheathrú agus don chúigiú saincheist dlí toisc iad a bheith do-ghlactha go follasach go páirteach agus gan bunús go páirteach.

68 I bhfianaise an mhéid roimhe seo ar fad, ní mór pointí 1 agus 3 de chuid oibríochtúil an ordaithe atá faoi achomharc a chur ar neamhní.

An chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta

69 I gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, má chuirtear breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais féin breithiúnas críochnaitheach a thabhairt ar an díospóid má cheadaítear an méid sin le staid na n-imeachtaí.

70 Ní hamhlaidh an cás anseo. Ós rud é gur mheas an Chúirt Ghinearálta nach raibh aon ghá le breith a thabhairt a thuilleadh gan scrúdú a dhéanamh ar inghlacthacht an iarratais ar neamhniú nó ar shubstaint na díospóide, ní cheadaítear breithiúnas a thabhairt le staid na n-imeachtaí agus ní mór, dá bhrí sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun rialú a thabhairt ar an iarratas sin.

71 Ina theannta sin, ní mór diúltú d'iarratas an achomharcóra go ndéanfaí an cás a tharchur ar ais chuig Dlísheomra na Cúirte Ginearálta atá comhdhéanta de bhreithiúna eile seachas na Breithiúna sin a bhí sa Dlísheomra a d'eisigh an t-ordú atá faoi achomharc. Ní fhoráiltear le

Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais go bhféadfaidh an Chúirt, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar achomharc, treoracha a thabhairt don Chúirt Ghinearálta maidir le comhdhéanamh an dlísheomra a leagfar an cás uirthi i ndiaidh a tharchuir os comhair na Cúirte Breithiúnais. I gcás inarb iomchuí, is faoi Uachtarán na Cúirte Ginearálta a bheidh sé, de bhun Airteagal 192(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, cinneadh a dhéanamh an féidir an cás a leagan ar dhlísheomra eile agus é ina shuí leis an líon céanna Breithiúna.

Costais

72 Ós rud é gur tarchuireadh an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, ní mór na costais a bhaineann leis an achomharc seo a fhorchoimeád.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Cuirtear pointí 1 agus 3 de chuid oibríochtúil ordú Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 20 Nollaig 2021, *Niemelä agus páirtithe eile* v *BCE* (T-321/17, EU:T:2021:942) ar neamhní**.

2. **Diúltaítear don chuid eile den chaingean.**

3. **Tarchuirtear an cás ar ais chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ionas go dtabharfaí rialú ar an iarratas ar neamhniú de chuid Nemea Bank plc.**

4. **Forchoimeádtar na costais.**

Sínithe